



2026/91

15.1.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/91 ÓN gCOIMISIÚN

an 14 Eanáir 2026

maidir le húdarú ullmhóide arb é atá inti 6-fiotáis arna táirgeadh le *Trichoderma reesei* CBS 126897 a athnuachan mar bhreiseán beathaithe le haghaidh éanlaith chlóis, bainbh scoite, muca lena ramhrú agus cránacha, agus maidir le húdarú ullmhóide arb é atá inti 6-fiotáis arna táirgeadh le *Trichoderma reesei* CBS 126897 mar bhreiseán beathaithe le haghaidh éin ornáideacha, bainbh diúil agus mionspeicis mhucúla (sealbhóir an údaráithe: AB Enzymes Finland Oy) agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 292/2014

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdarú breiseán a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis na forais agus na nósanna imeachta chun údarú den sórt sin a dheonú agus a athnuachan.
- (2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 292/2014 ón gCoimisiún ⁽²⁾ údaráíodh ullmhóid arb é atá inti 6-fiotáis arna táirgeadh le *Trichoderma reesei* CBS 126897 ar feadh 10 mbliana mar bhreiseán beathaithe le haghaidh éanlaith chlóis, bainbh scoite, muca lena ramhrú agus cránacha.
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, cuireadh iarratas isteach chun údarú na hullmhóide arb é atá inti 6-fiotáis arna táirgeadh le *Trichoderma reesei* CBS 126897 a athnuachan mar bhreiseán beathaithe le haghaidh éanlaith chlóis seachas éin ubh-bhreithe, éin ubh-bhreithe, bainbh scoite, muca lena ramhrú, agus cránacha, iarratas inar iarradh go n-aicmeofaí an breiseán sa chatagóir breiseán 'breiseáin zóiteicniúla' agus san fheidhmghrúpa 'feabhsaitheoirí díleáiteachta'. I gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, bhain an t-iarratas sin freisin le húdarú úsáide nua den ullmhóid chéanna le haghaidh bainbh diúil agus speicis mhucúla eile agus éin ornáideacha, agus iarradh ann go n-aicmeofaí an breiseán sin sa chatagóir breiseán 'breiseáin zóiteicniúla' agus san fheidhmghrúpa 'feabhsaitheoirí díleáiteachta'. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagail 14(2) agus 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas sin.
- (4) Tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') ar an gconclúid sa tuairim uaidh an 6 Bealtaine 2025 ⁽³⁾ go bhfuil an ullmhóid arb é atá inti 6-fiotáis arna táirgeadh le *Trichoderma reesei* CBS 126897 fós sábháilte d'éanlaith chlóis, bainbh scoite, muca lena ramhrú agus cránacha, do thomhaltóirí agus don chomhshaol, faoi na coinníollacha údaráithe úsáide atá ann faoi láthair agus ós rud é nach ndearnadh modhnú substaintiúil ar mhonarú agus comhdhéanamh an bhreiseáin. Ina theannta sin, tháinig sé ar an gconclúid go bhfuil an breiseán sábháilte d'éin ornáideacha ag 2 500 FTU/kg d'ábhar beatha iomlán agus do bhainbh diúil agus do speicis mhucúla eile ag 1 750 FTU/kg d'ábhar beatha iomlán. Tá an leathnú úsáide chun na speicis sin a chumhdach sábháilte do na tomhaltóirí agus don chomhshaol. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid thairis sin gur cheart a mheas gur íogróir riospráide í an ullmhóid i ngach foirm, agus gur cheart a mheas gur riosca é aon nochtadh trí ionanálú. Mar sin féin, tá na foirmeacha soladacha saor ó dheannach, agus ní dócha go nochtfar úsáideoirí trí ionanálú. Ní féidir teacht ar chonclúidí maidir le hacmhainneacht na bhfoirmilte éagsúla a bheith ina ngreannaitheoirí craicinn agus súl nó ina n-íogróirí craicinn. Luaigh an tÚdarás nach bhfuil togra maidir le coinníollacha an údaráithe bunaidh a leasú nó a fhorlíonadh san iarratas ar athnuachan an údaráithe, ar togra é a mbeadh tionchar aige ar éifeachtúlacht na mbreiseán. Dá bhrí sin, tháinig sé ar an gconclúid freisin nach gá measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht na

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29. ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj>.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 292/2014 ón gCoimisiún an 21 Márta 2014 maidir le húdarú ullmhóide arb é atá inti 6-fiotáis arna táirgeadh ag *Trichoderma reesei* (CBS 126897) mar bhreiseán beathaithe le haghaidh éanlaith chlóis, bainbh scoite, muca lena ramhrú agus cránacha (sealbhóir an údaráithe ROAL Oy) (IO L 87, 22.3.2014, lch. 90, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2014/292/oj).

⁽³⁾ EFSA Journal [Iris EFSA]. 2025;23:e9463. <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2025.9463>.

mbreiseán i gcomhthéacs an athnuachana ar an údarú. Mheas sé gur féidir na conclúidí ar thángthas orthu san údarú bunaidh a leathnú chun speicis eile a chumhdach agus dá bhrí sin tháinig sé ar an gconclúid go bhféadfadh an breiseán a bheith éifeachtúil in éin ornáideacha ag 250 FTU/kg d'ábhar beatha iomlán, i mbainbh diúil agus i mbainbh diúil agus scoite de mhionspeicis mhucúla ag 500 FTU/kg, agus i mionspeicis mhucúla lena ramhrú nó a thógtar le haghaidh atáirgthe agus ainmhithe atáirgthe ag 250 FTU/kg de bheatha iomlán. Níor mheas an tÚdarás go bhfuil gá le ceanglais shonracha maidir le faireachán iarmhargaidh.

- (5) Maidir leis na conclúidí agus na moltaí ar thángthas orthu sa mheasúnú a rinneadh i ndáil leis an modh anailíse ar 6-fiotáis arna táirgeadh le *Trichoderma reesei* CBS 126897 mar bhreiseán beathaithe i gcomhthéacs na n-údaruithe roimhe seo, mheas an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh 1831/2003 go bhfuil na conclúidí agus na moltaí sin bailí agus infheidhme maidir leis na hiarratais atá ann faoi láthair. Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 5(4), pointí (a) agus (c) de Rialachán (CE) Uimh. 378/2005 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾, níl gá le tuarascáil mheastóireachta ón tSaotharlann Tagartha.
- (6) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún go gcomhlíonann an ullmhóid arb é atá inti 6-fiotáis arna táirgeadh le *Trichoderma reesei* CBS 126897 na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart údarú an bhreiseáin sin a athnuachan le haghaidh éanlaith chlóis, bainbh scoite, muca lena ramhrú agus cránacha. Thairis sin, ba cheart úsáid na hullmhóide sin a údarú le haghaidh éin ornáideacha, bainbh diúil agus mionspeicis mhucúla. Ina theannta sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte úsáideoirí an bhreiseáin a chosc. Ba cheart na bearta cosanta sin a bheith gan dochar do cheanglais eile sábháilteachta oibrithe faoi dhlí an Aontais.
- (7) Mar thoradh ar údarú na hullmhóide arb é atá inti 6-fiotáis arna táirgeadh le *Trichoderma reesei* CBS 126897 a athnuachan mar bhreiseán beathaithe le haghaidh éanlaith chlóis, bainbh scoite, muca lena ramhrú agus cránacha, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 292/2014 a aisghairm.
- (8) Ós rud é nach gá na modhnuithe ar na coinníollacha údaraithe maidir leis an ullmhóid arb é atá inti 6-fiotáis arna táirgeadh le *Trichoderma reesei* CBS 126897 le haghaidh éanlaith chlóis, bainbh scoite, muca lena ramhrú agus cránacha a chur i bhfeidhm láithreach ar chúiseanna sábháilteachta, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse do na páirtithe leasmhara chun iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a eascraíonn as athnuachan an údaraithe a chomhlíonadh.
- (9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchóiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Athnuachan an údaraithe

Maidir le húdarú na hullmhóide a shonraítear san Iarscríbhinn, ar ullmhóid í a bhaineann leis an gcatagóir breiseán 'breiseáin zóiteicniúla' agus leis an bhfeidhmghrúpa 'feabhsaitheoirí díleáiteachta', déantar an t-údarú sin a athnuachan le haghaidh éanlaith chlóis, bainbh scoite, muca lena ramhrú agus cránacha faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Údarú

An ullmhóid a shonraítear san Iarscríbhinn, ullmhóid a bhaineann leis an gcatagóir breiseán 'breiseáin zóiteicniúla' agus leis an bhfeidhmghrúpa 'feabhsaitheoirí díleáiteachta', údaráítear í mar bhreiseán i gcothú ainmhithe le haghaidh éin ornáideacha, bainbh diúil agus mionspeicis mucúla, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

⁽⁴⁾ Rialachán (CE) Uimh. 378/2005 ón gCoimisiún an 4 Márta 2005 maidir le rialacha mionsonraithe chun Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le dualgaí agus cúraimí Shaotharlann Tagartha an Chomhphobail maidir le hiarratais ar údaruithe breiseán beathaithe (IO L 59, 5.3.2005, lch. 8, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2005/378/oj>).

*Airteagal 3***Aisghairm**

Aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 292/2014.

*Airteagal 4***Bearta idirthréimhseacha**

1. An breiseán beathaithe 6-fiótáis arna táirgeadh le *Trichoderma reesei* CBS 126897, mar a údaraítear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 292/2014, agus réamh-mheascáin a bhfuil an breiseán sin iontu atá beartaithe lena n-úsáid le haghaidh éanlaith chlóis, bainbh scoite, muca lena ramhrú agus cránacha, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 4 Lúnasa 2026 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 4 Feabhra 2026, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe.
2. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha ina bhfuil an breiseán beathaithe dá dtagraítear i mír 1, atá beartaithe lena n-úsáid le haghaidh éanlaith chlóis, bainbh scoite, muca lena ramhrú agus cránacha, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 4 Feabhra 2027 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 4 Feabhra 2026, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe.

*Airteagal 5***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Eanáir 2026.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Ainm shealbhóir an údaraith	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteor- ainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
						Aonaid ghníomhaíochta/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: breiseáin zóiteicniúla. Feidhmghrúpa: feabhsaitheoirí díleáiteachta									
4a19	AB Enzymes Finland Oy	6-figotáis (CE 3.1.3.26)	<i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i> Ullmhóid arb é atá inti 6-figotáis arna táirgeadh le <i>Trichoderma reesei</i> CBS 126897, ullmhóid ag a bhfuil gníomhaíocht íosta: 5 000 FTU (1)/g. Foirm sholadach agus foirmeacha leachtacha <i>Saintréithriú na substainte gníomhaí</i> 6-figotáis (CE 3.1.3.26) arna táirgeadh le <i>Trichoderma reesei</i> CBS 126897 <i>Modh anailíse (?)</i> Maidir le 6-figotáis sa bhreiseán beathaithe, sna réamh- mheascáin agus sa bheatha chumaisc a chinneadh: — modh dathmhéadrach atá bunaithe ar imoibriú einsímeach 6-figotáise ar an bhfigotáit - EN ISO 30024.	Éanlaith chlóis seachas éanlaith chlóis le bheith ina mbéaróga nó le haghaidh atáirgthe Éin ornáideacha	-	250 FTU	-	1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh- mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. 2. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibriochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh- mheascáin le trealamh cosanta pearsanta don análú.	an 4 Feabhra 2036
				Éanlaith chlóis le bheith ina mbéaróga nó le haghaidh atáirgthe		150 FTU			
				Bainbh (bainbh diúil agus scoite) de gach speiceas mucúil		500 FTU			
				Speicis mhucúla lena ramhrú Cránacha de speicis mhucúla		250 FTU			

(¹) Is éard atá in aonad amháin fhotáise (FTU) méid na heinsíme lena scaoiltear 1 μ mol d'fhosfáit neamhorgánach in aghaidh an nóiméid ó fhiotáit sóidiam ag 37 °C, pH 5,5, faoi na coinníollacha caighdeánacha measúnachta.

(¹) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ar shuíomh na Saotharlainne Tagartha ag an seoladh seo a leanas: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga